2025/2474

4.12.2025

CINNEADH (AE) 2025/2474 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Deireadh Fómhair 2025

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i ndáil le cinneadh na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Aerárthaí Sibhialta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil i ndáil le haicmiú an riosca féichiúnaí in idirbhearta *de minimis* lena mbaineann aerárthaí talmhaíochta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis na treoirlínte atá sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil ('an Socrú'), socrú a forbraíodh faoi chuimsiú na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ('ECFE'), lena n-áirítear iad siúd atá sa Tuiscint Earnála maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Aerárthaí Sibhialta ('an Tuiscint Earnála maidir le hAerárthaí') a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Socrú, rinneadh iad a thrasuí agus, dá bhrí sin, tá siad ceangailteach ó thaobh dlí san Aontas iad de bhua Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

(2) Leagtar amach i Roinn 1 d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an Tuiscint Earnála maidir le hAerárthaí na nósanna imeachta aicmithe rioscaí d'idirbhearta atá faoi réir na Tuisceana Earnála maidir le hAerárthaí sin. Tá Rannpháirtithe na Tuisceana Earnála maidir le hAerárthaí ('na Rannpháirtithe') le cinneadh a dhéanamh, trí nós imeachta i scríbhinn, maidir le leasuithe ar Roinn 1 d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an Tuiscint Earnála maidir le hAerárthaí lena n-eisiafaí idirbhearta ar lú a luach conartha onnmhairiúcháin ná USD 5 mhilliún (idirbhearta *de minimis*) a bhaineann le haerárthaí talmhaíochta ó na nósanna imeachta aicmithe riosca féichiúnaí. Leis na leasuithe sin, laghdófaí an t-ualach riaracháin ar na Rannpháirtithe agus shimpleofaí rátáil an riosca féichiúnaí.

(3) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa nós imeachta i scríbhinn maidir le dréachtchinneadh na Rannpháirtithe a bhunú de bhrí go mbeidh an cinneadh ceangailteach ar an Aontas agus go mbeifear in ann leis tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, de bhua Airteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú le cinneadh na Rannpháirtithe i ndáil le haicmiú an riosca féichiúnaí in idirbhearta *de minimis* lena mbaineann aerárthaí talmhaíochta bunaithe ar an dréacht-téacs atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndáil le cinneadh na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin d'Aerárthaí Sibhialta, a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil i dtaca le haicmiú an riosca féichiúnaí in idirbhearta *de minimis* lena mbaineann aerárthaí talmhaíochta, tacú leis an gcinneadh sin bunaithe ar an dréacht-téacs atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/76/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2001/77/CE ón gComhairle (IO L 326, 8.12.2011, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1233/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 17 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEUNICKE

IARSCRÍBHINN

FOSCRÍBHINN II

PRÉIMHRÁTAÍ ÍOSTA

[2] *Maidir le hidirbhearta ag a bhfuil luach conartha onnmhairiúcháin níos lú ná USD 5 mhilliún, má bhaineann an t-onnmhairiú le haerárthaí talmhaíochta agus más feirmeoir nó cuideachta spraeála é an féichiúnaí deiridh, féadfaidh Rannpháirtí an t-aicmiú riosca a mheasann sé a bheith iomchuí a chur i bhfeidhm agus tabharfaidh sé fógra faoin idirbheart i gcomhréir le hAirteagal 24 (a) den Chomhaontú Earnála seo. Maidir le gach idirbheart eile ag a bhfuil luach onnmhairiúcháin níos lú ná USD 5 mhilliún (go háirithe na hidirbhearta inar aerlíne nó cuideachta léasaithe aerárthaí é an féichiúnaí deiridh, gan beann ar cé acu an mbaineann an t-onnmhairiú le haerárthaí talmhaíochta nó nach mbaineann), déanfaidh Rannpháirtí nach mian leis an nós imeachta um aicmiú riosca a leagtar amach in Airteagail 6 go 8 den Fhoscríbhinn seo a leanúint an t-aicmiú riosca '8' a chur i bhfeidhm don cheannaitheoir/iasachtaí is ábhar don idirbheart agus tabharfaidh sé fógra faoin idirbheart i gcomhréir le hAirteagal 24 (a) den Chomhaontú Earnála seo.*

[3] *Maidir le hidirbhearta ag a bhfuil luach conartha onnmhairiúcháin níos lú ná USD 5 mhilliún, seachas idirbhearta a bhfuil fógra le tabhairt fúthu i gcomhréir le hAirteagal 24 (a) de bhun fhonóta 2 den Fhoscríbhinn seo, beidh feidhm ag tréimhse 5 lá oibre.*